# Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Mé Féin

Eocairist

Réimeas Dé

Gairm

Soiscéalaíocht



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2015

Acmhainní don Phobal Iar-bhunscoile: Baile, Scoil & Paróiste

Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

25–31 Eanáir 2015

# Clár Ábhair


**Ag Ullmhú**

Céad Fáilte 1

Réamhrá: Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 2

**Acmhainní Scoile**

Nóta don Oide 3

Bord Bainistíochta 4

Machnamh an Lae 5

An Eocairist agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 28

Seirbhís Urnaí Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 31

**Acmhainní Paróiste**

Nasc leis an bParóiste 7

Liotúirge an Domhnaigh, 25 Eanáir 8

**Mé Féin** 9

**Eocairist** 12

**Réimeas Dé** 19

**Gairm** 22

**Soiscéalaíocht** 25

Rinne Bríd Dunne comhordú ar an bpacáiste acmhainní seo i gcomhar le: Aisling English, Anna Maloney, Karen O'Donovan agus Tom Ryan, ag fáil comhairle ó Choiste Stiúrtha Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015.

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Mr Justin Brown, Mgr Jim Cassin, Dr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Colette Dower, Brenda Drumm, Fr Michael Drumm, Bríd Dunne, Fr Paul Farren, Maura Hyland, Ferdia Kelly, Martin Long, Elaine Mahon, Maeve Mahon, Anna Maloney, Bernadette Martin, Tony McCann, Michael Redmond, Mr John Scally, Maria Spring, Sr Eithne Woulfe.

## Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Acmhainní don Phobal Iar-bhunscoile: Baile, Scoil & Paróiste

25–31 Eanáir 2015

# Céad Fáilte

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2015 ná **Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail**. Tá an ghairm seo ó Dhia againn.

Tugtar 'teagascóir' ar Íosa sé huaire agus dhá scór sna soiscéil. Is é an teideal is minice a thugtaí air i measc na ndeisceabal. Cén rud a bhíodh á theagasc ag Íosa? I ngleannta, ar shléibhte, i sráidbhailte na Gailíle theagasc sé do mhuintir na háite go raibh réimeas Dé ag bláthú ina measc. Labhair sé faoi réimeas Dé bheith mar leigheas do na hothair, mar radharc nua do dhaill, mar éisteacht úr do na bodhair, mar shaoirse do na cimí, mar dhea-scéal do na bochtáin. Iarrtar ar an uile Chríostaí bheith ag freastal ar a mhuintir féin. Ciallaíonn sé seo go gcabhraímid leo éirí agus seasamh ar a mboinn féin, eagla an saol eile á chur díobh, agus forleathnú a dhéanamh ar an dearcadh atá acu, le cabhair an oideachais.

Caithfimid iad a chothú nuair nach féidir leo a leithéid a dhéanamh dóibh féin, fíorais an tsaoil a chur ar a shúile acu, dúshlán a chur rompu éirí as an gclaonadh nó an goilleadh, agus na daoine atá faoi leatrom a scaoileadh saor. Caithfimid réimse leathan na háille agus na tarchéimnitheachta a léiriú dóibh de réir a chéile. Is mar seo a leanaimid orainn ag scaipeadh ministreacht íce Íosa, ionas gur féidir a rá: 'Tá radharc ag daill, tá siúl ag bacaigh, glantar lobhair agus tá éisteacht ag bodhráin, éiríonn na mairbh, agus fógraítear an dea-scéal do bhoicht'. (Lúcás 7:22).

D'fhógair An Pápa Proinsias an bhliain 2015 mar am ar leith le machnamh a dhéanamh ar an saol coisricthe. Is eisean an chéad Phápa a ceapadh ó ord rialta ar bith le breis agus céad caoga bliain, agus tugann sé cuireadh dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcion tairbhe a rinne na siúracha, na bráithre agus na sagairt san am atá thart, ar an méid a dhéanann siad sa lá atá inniu ann, agus ar an méid a dhéanfaidh siad amach anseo, chun sochair an phobail uile. Cuirtear dúshlán roimh na hoird rialta bheith mar ghuth fháidhiúil i saol na hEaglaise, agus ar domhan. Is léir go bhfuil guth an fháidh le sonrú i saol an Phápa Proinsias féin, ach go háirithe toisc go gcuireann sé dúshlán romhainn freastal a dhéanamh ar na daoine is mó atá i ngátar.

In *Evangelii Gaudium* (Lúcháir an tSoiscéil) deir an Pápa go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le gné sóisialta craobhscaoileadh an tSoiscéil bheith á chur i bhfeidhm. Más Críostaithe go smior muid, caithimid maireachtáil lena chéile agus ar son a chéile. Is trí Chríost a rinne Dia muid a shlánú, ní mar dhaoine aonair, ach mar phobal daonna. Is léargas tábhachtach é seo dúinn, maidir leis an oideachas Caitliceach. Deir an Pápa Proinsias nach féidir le duine ar bith bheith ag tabhairt le fios gur rud príobháideach an creideamh, nach mbíonn tionchar aige ar an tsochaí agus ar an saol náisiúnta, gur cuma leis na hinstitiúidí rialtais bheith ar bhonn seasmhach, nach ceart don duine le creideamh bheith ag caitheamh tuairim faoi chúrsaí na sochaí. Cé a chuirfeadh teachtaireacht Naomh Proinsias Assisi, nó tuairimí Teresa Beannaithe Calcutta faoi ghlas agus faoi thost in eaglais anaithnid?
Ní ghlacfadh fiú na daoine gan chreideamh lena leithéid. Má bhíonn creideamh iontaofa ionainn, agus ní rud pearsanta compordach é sin, beidh fonn millteach orainn athrú crutha a chur ar an domhan, luachanna fiúntacha a scaipeadh, pobal an domhain bheith níos fearr as gur thángamar ar an saol. (EG, #183)

Cuireadh an ghairm fhreastail seo ar na scoileanna Caitliceacha. Tá go leor acmhainní áisiúla sa leabhrán seo a chabhróidh le daoine nuair a bhíonn an ghairm á cheiliúradh againn i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015.

Michael Drumm

An tAthair Michael Drumm
Cathaoirleach
Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha

# Réamhrá: Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015

Tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á cheiliúradh le cúig bliana anuas in Éirinn. Iarrann an ócáid bhliantúil seo ar na Scoileanna Caitliceacha léiriú ar leith a thabhairt ar ghné áirithe den oideachas Caitliceach. Is é téama na bliana seo ná: **Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail** Déanfar iniúchadh ar an ról atá ag an scoil maidir le freastal, agus maidir leis na daoine a gcuirtear freastal orthu. Chuige seo iarrtar ar an oideachas Caitliceach smaoineamh ar an misean atá aige, agus athnuachan a dhéanamh air.

Ciallaíonn an focal 'freastal', spreagadh chun gnímh. Is cuid bhunúsach de mhisean Íosa sna Soiscéil í an freastal. Is bunsraith é an t-oideachas ar a mbunaítear an ghairm fhreastail a chuirtear ar chách – tuismitheoirí, múinteoirí, mic léinn, an pobal, muintir an domhain uile. Bíonn áit lárnach in éiteas na Scoileanna Caitliceacha d'fhéiniúlacht mhisean Chríost, don ghlao a chuireann sé orainn freastal ar a shon. Is i rith na seachtaine seo a dhéanaimid machnamh ar na bealaí inar féidir linn an ghairm fhreastail sin a chur i bhfeidhm inár saol.

**MÉ FÉIN:** Nuair a thugaimid aithne don fhéiniúlacht a bhaineann linn agus don ghaol pearsanta atá againn linn féin, agus le Dia, aithnímid na bealaí áirithe maireachtála a lorgaíonn Sé uainn. Is minic go mbánn callán an tsaoil an rúndiamhair naofa lárnach seo. Tá aonánacht i measc phobal na scoile, agus ár mbuanna sainiúla féin le bronnadh againn.

**EOCAIRIST:** Nuair a dhéanaimid an tAifreann a cheiliúradh, cuirtear tús agus ní deireadh lenár ndualgais mar Chríostaithe. Caithfimid freagairt úr a thabhairt ar Chorp agus Fuil Chríost, beo inár measc, a éilíonn orainn doimhneacht a chur lenár ngaol le Críost. Léirítear sna Soiscéil go bhfuil Íosa gach pioc chomh heolach leis na seanóirí. Nuair a dhéanaimid aithris ar Chríost, bíonn an eagna á lorg againn le bheith ag saothrú ar son an chirt agus ar son leasa an phobail i gcoitinne.

**RÉIMEAS DÉ:** Labhraíonn Íosa faoi réimeas Dé, ríocht Dé ar domhan, áit a gcuirtear toil Dé i bhfeidhm. Is trína mhisean féin a thug Íosa le fios go soiléir dúinn conas teacht isteach sa ríocht sin. Déanann an scoil Chaitliceach iarracht ríocht Dé ar domhan a chur i bhfeidhm trí thacaíocht fhoghlama agus oideachais a chur ar fáil, agus trí fhiúntas an duine aonair mar pháiste luachmhar Dé, a aithint.

**GAIRM:** Sna Soiscéil, cuireann Íosa gairm ar Pheadair le go mbeadh sé mar an charraig ar a dtógfar an Eaglais. Cothaíonn na scoileanna muid, agus iarrtar orainne ár gcuid tallann indibhidiúla a úsáid le bheith mar bhloic bheaga a éascóidh tógáil mhisean Íosa.

**SOISCÉALAÍOCHT:** Na scéalta a bhíonn á insint le daoine eile againn, is scéalta iad go dtaitníonn sé linn iad a aithris. Rinneadh athrá ar an Soiscéal arís agus arís eile. Dea-scéal atá sa Soiscéal, scéal a iarrann orainn bheith mar dhea-scéal dá chéile. Tugann gach aon rang ar thráthchlár na scoile deis dúinn bealaí úra a aimsiú ina bhféadfaimis feidhmiú mar Shoiscéal, toisc go mbíonn a scéal éagsúil féin le hinsint ag an múinteoir i dtaca leis na hábhair éagsúla. Faoi mar a bhíonn sna Soiscéil, bíonn na scéalta seo ag iarraidh orainn barr céime agus ardchaighdeán a chur i gcrích inár saol. Gan grásta an tSoiscéil, bheadh saol gan fiúntas ar bith á chaitheamh againn. Is fearr astu an creideamh agus an t-oideachas nuair a chaitear lena chéile iad.

Bíonn an cumas leithleach sna Scoileanna Caitliceacha an fás pearsanta agus an tuiscint ar an saol a spreagadh i measc na mac léinn. Is í aidhm na scoileanna Caitliceacha tacaíocht chuspóireach iomlánaíoch a chur ar fáil d'fhorbairt na ndaoine óga. Déantar iarracht mhacánta bheith ag freastal i Ríocht Dé, agus á chur chun cinn. Deir Chris Richardson go mbíonn na Scoileanna Caitliceacha mar phobail ina gcuirtear dúshlán roimh chách, Íosa beo a fhorbairt as lámha a chéile. Is tríd an bhfreastal seo a dhéanfar éiteas na scoile bheith lán de bhrí, seachas bheith mar fhealsúnacht theibí.

# Nóta don Mhúinteoir

Cuireann an áis seo deiseanna ar fáil duit iniúchadh a dhéanamh le do dhaltaí féin, ar an mbrí a bhaineann le bheith páirteach i scoil Chaitliceach. Tá deis ann béim a leagadh ar an ngairm freastail Chríostaí maidir le topaicí éagsúla: Mé Féin, Eocairist, Réimeas Dé, Gairm agus Soiscéalaíocht. Is chuige seo a chuirtear túsphointe ar fáil leis an gcomhrá a spreagadh. Tá pleananna agus smaointe anseo atá éagsúil óna chéile ó thaobh faide agus ó thaobh doimhneachta de. Tabharfaidh sé seo an tsaoirse duitse a mhúinteoir, freagairt chuí a dhéanamh de réir an chomhthéacs proifisiúnta agus de réir na suime atá agat san ábhar. Tá an tsaoirse agat an t-iomlán nó codanna de a úsáid de réir amchláir, de réir suime agus de réir riachtanais na mac léinn.

## Paidir do Mhúinteoirí

1 Cor 13: Athinsint Múinteora

Dá bhféadfainn gach aon ní a mhíniú go foirfe do na mic léinn, ach gan grá a bheith agam don uile dhuine acu, d'fhéadfainn bheith ag labhairt i seomra folamh.

Dá mbeadh freagra gach aon fhadhb oideachasúil ar eolas agam, agus mé gan ghrá bheith á thabhairt agam, ba shaothar in aisce é.

Dá ndéanfainn íobairt mhór leis an uile áis oideachasúil a cheannach agus a chur ar fáil do na daltaí, ach nach raibh aon ghrá agam dóibh, ba chur amú iomlán é.

Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách nuair is gá athrá a dhéanamh arís is arís ar ábhar nach dtuigeann an dalta lag.

Bíonn an grá cineálta nuair a bhíonn tuismitheoir feargach ag tabhairt amach domsa nó do mhúinteoir eile, ag cur rudaí inár leith.

Ní bhíonn éad ar an ngrá nuair a bhíonn rang iomlán múinte, dea-bhéasach, éirimiúil ag múinteoir eile, agus gan bheith ag éirí go ró-iontach le mo chuid féin.

Ní dhéanann an grá maíomh ná mórtas nuair a thagann feabhas mór ar mo dhaltaí féin, agus daoine sna hioscaidí ar a chéile ag iarraidh bheith in aon rang liom.

Bíonn an grá sásta sceideal agus pleananna a ghéilleadh nuair is gá freastal ar riachtanais dhaoine eile.

Ní bhíonn an grá ag béicíl ar na daltaí nuair a bhíonn siad dána, ach déantar gach iarracht tábhacht na féin-airíonachta a mhúineadh dóibh.

Ní scaipeann an grá eolas faoi dheacrachtaí agus faoi dhrochghníomhartha na ndaltaí i measc na foirne ar scoil. Bíonn an grá lán d'fhadfhulaingt, fiú nuair is léir nach dtuigfidh an mac léinn riamh, an difríocht atá ann idir aidiacht agus dobhriathar.

Rachaidh modhanna mhúinteoireachta, cláir fheasachán, téacsanna, ríomhairí fiú i léig, ach ní rachaidh an grá i léig go deo.

Trí rudaí a d'fhoghlaimíos ó bheith im' mhúinteoir: an tseasmhacht, an fhoighne agus an grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.

*(ó cheannaireacht fhreastail* Scoileanna Caitliceacha Ard-Deoise N. Pól/Minneapolis)

# Bord Bainistíochta



Cuirtear an mhír seo ar fáil mar chabhair a threoródh an Bord Bainistíochta i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha agus ina dhiaidh sin.

A Thiarna Dia,
Deonaigh go mbeimid buíoch i gcónaí as an deis a fhaighimid, bheith ag freastal ar dhaoine eile tríd an mhinistreacht seo atá againn mar bhaill den Bhord.
Treoraigh sinn le go dtuigfimid a chéile agus an cumas atá ionainn. Cabhraigh linn an cumas úd a úsáid agus muid ag freastal mar seo ar phobal na scoile.
Deonaigh go mbeidh croí oscailte againn maidir le bheith ábalta do thoil a chur i bhfeidhm.
Déan an Bord a spreagadh le go gcuirfimid do ríocht i bhfeidhm trí na cinntí a dhéanaimid.
Cabhraigh linn bheith cróga agus éisteacht leis an nglao a chuireann tú orainn maidir leis an ngrá a léiriú san obair seo.
Deonaigh go mbeimid mar fhoinse an tSoiscéil i rith an téarma seo, don uile dhuine a bheidh i dteagmháil linn.
Ar an aistear seo, agus muid i d'fhochair, tabhair an neart dúinn éiteas Caitliceach na scoile seo a chomhlánú.
Amen.



ACMHAINNÍ SCOILE

# Machnamh an Lae

Bheadh na smaointe seo mar  thús maith urnaitheach don lá, i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha.

## MÉ FÉIN

Is duine amháin mise i measc an tslua ar scoil. Bíonn iliomad guthanna le cloisteáil ó iliomad duine ar leith anseo i measc an tslua. Baineann tábhacht le mo ghuth féin. Tá pearsantacht shainiúil ag baint liomsa, tá mo bhealach féin agam, cur le saol phobal na scoile. Mura mbeinnse anseo, bheadh cruth éagsúil ar an bpobal úd. Tugaim buíochas as na bealaí ar fad ina bhfuilim éagsúil ó dhaoine eile. Gabhaim buíochas leis an Tiarna as an mbealach ina mbím ag dul i bhfeidhm ar an láthair oideachais seo. Cabhraigh liom a Thiarna bheith mar thionchar deimhneach ar an slua i mo thimpeall, tríd an phearsantacht shainiúil a bhaineann liom. Tá súil agam go n-aithneoidh na daoine a bhíonn i mo theannta, go bhfuil grá Dé ionam, agus go mbeidh síocháin an Tiarna leo dá bharr.

## EOCAIRIST

Déanaimid teagmháil ar leith le Críost tríd an Eocairist a cheiliúradh. Tugann an Eocairist an neart agus an grásta dúinn aghaidh a thabhairt ar an saol mór lasmuigh de dhoras an tséipéil, agus briathar Dé a chur i bhfeidhm ann. An léirímid cineáltas don duine eile? An gcuirimid deireadh leis an gcabaireacht a bhíonn ar siúl ag daoine eile? An ndéanaimid dúshlán a chur roimh na daoine a bhíonn ag maistíneacht? An ndéanaimid ár gcuid gealltanas a chomhlíonadh? An sínímid an lámh chúnta i dtreo na ndaoine atá ar an imeall? An gcuirimid fáilte roimh an duine nua ar scoil? Má chuirimid na bearta sách deacair seo i bhfeidhm inár saol, cuirimid eispéireas na hEocairiste i bhfeidhm inár saol chomh maith.

## RÉIMEAS DÉ

Tá Críostaithe áirithe ann a cheapann gur ábhar iomlán príobháideach é an creideamh, imeacht a tharlaíonn idir an duine indibhidiúil agus an Tiarna. Nuair a labhair Íosa faoi réimeas Dé áfach, agus faoi na daoine a thiocfadh isteach in aoibhneas Dé ar lá an Luain (Matha 25:31-46), dúirt sé go mbunófaí an fháilte a bheadh roimh dhaoine ann ar aon bhonn amháin: sa mhéid gur aithin siad an Tiarna i measc na mbochtán,  i measc na ndaoine ocracha, i measc na n-easlán. Sa mhéid go ndearna siad cúram den duine den chuid is lú, den duine gan dídean, den chime, go ndearna siad den Tiarna chomh maith é.

Caithfear an creideamh a chleachtaimid, a bheith bunaithe i ngníomhartha. Caithfidh Soiscéal ghrá Íosa ár ngníomhartha ar fad a stiúradh anseo sna scoileanna Caitliceacha. Cabhróidh an Soiscéal linn mar phobal agus mar dhaoine indibhidiúla, freagairt chuí a thabhairt ar riachtanais an duine eile. Nuair a dhéanaimid a leithéid táimid ag leanúint briathar an Tiarna, agus Ríocht Dé ar domhan á thógáil againn.

## GAIRM

Nuair a ghlaoitear ar d’ainm ort, stopann tú, breathnaíonn tú, éisteann tú leis an méid atá á rá. Measann tú na focail agus an réitíonn siad le do dhearcadh féin, le do thuairimí féin. Débhealach atá sa chomhrá seo. Nuair a thugaimid cluas do Dhia, bíonn comhrá eadrainn maidir leis an sórt duine muid, an ról ar domhan atá againn – an obair a lorgódh an Tiarna uainn. Is comhrá uathúil é seo ina dtugann Dia cuireadh dúinn labhairt leis agus éisteacht leis. Gabhaimis buíochas inniu as an mbronntanas agus as an uathúlacht seo, agus guímis go mbeidh an oscailteacht ionainn an áit cheart i measc an phobail a lorg dúinn féin.

## SOISCÉALAÍOCHT

Inniu, déanaimid ceiliúradh ar an dea-scéala atá sa Soiscéal. Bíodh lúcháir an tSoiscéil le sonrú go mór i ngach aon rud a dhéanaimid. Cabhraigh linn a Thiarna le go bhfaighimis spreagadh ó na soiscéalaithe a d’imigh romhainn, agus ó na daoine sin a mhaireann faoi láthair de réir an tSoiscéil. Deonaigh go mbeimid ag foghlaim ón dea-shampla a thugann na daoine sin dúinn, agus ag léiriú solas Dé dár gcomharsana inniu agus i gcónaí.

# GAIRM FHREASTAIL



# Naisc leis an bParóiste

## Cén tábhacht a bhaineann le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha sa pharóiste?

Le cúig bliana anuas tá paróistí ar fud na tíre ag freagairt go díograiseach agus go cruthaitheach agus iad ag cur fáilte roimh phobail na scoileanna áitiúla agus ag cabhrú leo cur le saol an pharóiste ar bhealach suntasach i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha (SSC). Is féidir a leithéid a dhéanamh ar iliomad bealaí: i rith liotúirge an Domhnaigh; trí chuireadh a thabhairt do shagairt an pharóiste teacht chun na scoile agus páirt a ghlacadh in imeachtaí; agus trí dheiseanna a chur ar fáil le go ndéanfadh an paróiste teagmháil leis an scoil áitiúil.

## Cé hiad na daoine atá i gceist?

Cuirtear acmhainní ar aghaidh chuig na scoileanna agus chuig na paróistí sula dtarlaíonn SSC. Beimid ag súil leis go nglacfaidh siad seo páirt ghníomhach lena chéile trí chumarsáid agus comhoibriú a bhunú eatarthu féin, agus iad ag obair lena chéile, fiú ar bhealaí simplí i rith an ama seo nuair a bhíonn breis deiseanna ag scoileanna cur le saol agus le saibhreas an phobail áitiúil, agus feidhm á bhaint as díograis agus neart, buanna agus tallann na hóige, rudaí atá go fial fairsing ina measc! Bíonn sé le feiceáil go soiléir go mbíonn torthaí forleathana le sonrú ar an obair a dhéanann na scoileanna agus na paróistí i dteannta a chéile nuair a bhíonn cur chuige comhoibríoch i gceist i rith SSC. Bíonn deis ag na daltaí bealaí a aithint ina bhféadfaidís tionchar réadach bríoch bheith acu ar shaol an pharóiste.

Tuigimid go bhfuil paróistí ann atá ag cruthú traidisiúin úra dóibh féin maidir le ceiliúradh SSC, agus is léir dúinn go bhfuil raidhse shlite ann ina bhféadfadh an comhluadar Críostaí, SSC a cheiliúradh.

I measc na n-acmhainní seo gheobhaidh tú moltaí a thabharfadh spreagadh duit bealach oibre a reáchtáil le haghaidh SSC 2015.

## Cad chuige an liotúirge?

Tá treoir phraiticiúil chéimithe darb ainm 'Is Leatsa an tAifreann', (Make the Mass Yours) ar fáil ar líne a spreagfaidh na mic léinn, na múinteoirí agus na séiplínigh le páirt a ghlacadh i liotúirge an Domhnaigh a dhéanfaidh SSC a sheoladh. Téigh chuig www.catholicschools.ie leis an áis seo a íoslódáil. Tugann an áis léargas ar áit na ndaoine óg sa pharóiste, agus ar an gcion tairbhe luachmhar a d'fhéadfaidís a chur ar fáil don phobal áitiúil. Ní éasca an rud é tús a chur le fiontar dá leithéid, bíonn gá le crógacht sa chur chuige. Tosaigh go mall, ar bhealach sothuigthe. Is imeacht bliantúil é SSC, agus beidh deiseanna ann amach anseo cur leis an iarracht sna blianta atá romhainn!

ACMHAINNÍ PARÓISTE

# Liotúirge an Domhnaigh, 25 Eanáir

## Cé a chabhródh?

- Má bhíonn foireann liotúirge/foireann thréadach pharóiste ann, luaigh SSC 2015 leo a luaithe agus is féidir ionas go gcuirfear tús le liotúirge a ullmhú don Aifreann seo.
- Eagraigh cruinniú pleanála le hionadaithe na scoileanna éagsúla, séiplíneach, foireann, bainistíocht, comhordaitheoir OR, go luath roimh an ócáid le plean a eagrú leis an gcomhairle pharóisteach, le hoibrithe an pharóiste, le baill den fhoireann liotúirgeach. Tá Aifreann leagtha amach ar leathanach 28, agus seirbhís urnaí ar fáil ar leathanach 31.
- Má chuirtear eolas faoi SSC ar fáil i nuachtlitir an pharóiste, is bealach maith é le tábhacht na seachtaine seo a mhíniú don phobal i gcoitinne. Bíodh sonraí coincréiteacha ann maidir leis na himeachtaí atá beartaithe don pharóiste.  Sa mhír 'Glac *Tusa* Seilbh ar an Aifreann' tá foclaíocht agus smaointe.

## Cén sórt naisc eile a d'úsáidfí?

- **Ionad taispeántais** – bain úsáid as saothair ealaíona a chruthaigh na mic léinn ar scoil, le bheith mar lárphointe de thaispeántas a chruthófaí le húsáid i rith liotúirge an Domhnaigh, nó in ionad an pharóiste, nó i mbealach isteach na scoile. Léireodh an saothar seo na bealaí inar féidir leis na Scoileanna Caitliceacha an 'gairm fhreastail' a chothú i measc na hóige.
- **An chomhairle thréadach pharóisteach** – tabhair cuireadh dóibh moltaí a chur ar aghaidh maidir le ceiliúradh SSC 2015.
- **An Scoil**
  - Tapaíodh an fhoireann OR agus an séiplíneach  an deis téamaí SSC 2015 a aibhsiú.
  - Déan SSC a cheiliúradh sa seomra ranga, maidin chaife a reáchtáil, b'fhéidir. Croch póstaer  SSC 2015 go hard in áit sofheicthe.
  - Bain úsáid as an bpaidir do mhúinteoirí ar leathanach 3 agus as an bpaidir don Bhord ar  leathanach 4 i rith na seachtaine speisialta seo mar threoir do chách, le machnamh a dhéanamh ar obair an oideachais Chaitlicigh.



# Mé Féin

## Má Bhíonn Meas Agam Orm Féin, Foilseoidh mé Dia Beo do Chách.

Má bhímid ag smaoineamh faoin chreideamh agus faoin fhreastal, is annamh a smaoinímid ar fhreastal orainn féin. Ceapaimid go mbíonn na Soiscéil ag leagan béime i gcónaí ar bheith ag cabhrú leis an duine eile. Is suimiúil go ndeir Íosa féin: 'an té a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é' (Matha 10:39).

**Cad iad na samplaí eile atá sa Bhíobla de dhaoine a chaith an saol go huile is go hiomlán faoi thionchar an chreidimh?**

An bhfuil áit sa saol Críostaí don fhéinlárnacht – do bheith ag díriú orm féin? Ní gníomh leithleach é bheith ag freastal orm féin. Déanann sé ceiliúradh ar an uathúlacht a bhaineann liomsa agus leis an mbua a bhronn Dia ar an saol trí mise a chruthú. Is é seo an bealach ina ndéanaimid Dia a nochtadh don domhan. Thuig Muire an fíoras seo go maith nuair a dúirt sí, '"Mórann m'anam an Tiarna.'

**Cum do 'Magnificat' féin ag baint úsáide as Lúcás 1:46-55. D'fhéadfá sceitse a scríobh, amhrán/rap, dán nó alt a chumadh.**

Is é an ego an chuid sin dínn ar a dtugtar 'an féin falsa'. Spreagann sé an eagla agus an neamhshláine ionainn. Bíonn tionchar nach beag ag daoine eile agus ag an saol mórthimpeall orainn ar an gcuid sin dár gcarachtar. Tá gné eile dínn áfach, a bhaineann go hiomlán linn féin, nach mbíonn smacht ag an gcáineadh nó ag smaointe diúltacha air. Is í seo an áit atá sainiúil dúinn féin, an áit ina maireann Dia. Nuair a bhímid dílis dúinn féin agus gan comhghéilleadh a dhéanamh maidir leis an duine atá ionainn go fíor, agus na nithe ina gcreidimid iontu, bímid ag feidhmiú go fírinneach mar ghrá Dé cruthaithe ar domhan.

**Glac 'féinphic' spioradálta! Is minic nach mbíonn grianghraif, de bharr na híomhá atá againn dínn féin. Uaireanta nuair a bhreathnaímid taobh istigh, is minic go bhfeicimid nithe ionainn féin nárbh eol dúinn iad a bheith ann.**

**Ag baint úsáide as do 'Magnificat' féin, ainmnigh trí cháilíochtaí deimhneacha a bhronn Dia ort. An dtuigeann tú eachtraí áirithe inar spreag an eagla/mothúcháin neamhshláine /tionchar daoine eile chun ghnímh nó chun cainte tú.**

Bronntar teidil éagsúla ar Íosa sna Soiscéil – cad iad? (Mac Dé, Mac an Duine, An Críost, An Fáidh, An Rí, Rí na nGiúdach). Is teideal tábhachtach amháin é 'Imeánuéil'. Ciallaíonn sé 'Dia Linn'. Níl coinníoll ar bith ann. Is ann dó!

Ba mhanach Caitliceach Beinidicteach é John Main, duine a chuir bealach Críostaí machnaimh ar fáil dúinn. An aidhm a bhí roimh an machnamh seo ná an ego a chur faoi chois, agus láithreacht leantach Chríost a aithint ionainn féin. Ar an mbealach seo éalóimid saor ón ego leithleach, aimseoimid an bheatha luachmhar spioradálta fíréanta atá ionainn féin.

'Is é glóir Dé é an duine iomlán beo' – *Naomh Irenaeus, naomh ón dara chéad.*

## Éistigí! Bíodh a fhios Agaibh gur Mise is Dia ann (Salm 46:10)

### Cleachtadh Machnaimh

**Réamhrá:** Bí ciúin agus suigh suas go díreach. Bí ar do shuaimhneas, ach gan titim i do chodladh. Bí i do lándúiseacht maidir le machnamh a dhéanamh ort féin mar dhuine. Déan na súile a dhúnadh. Bainimid úsáid as an mantra seo. Paidir atá ann, – Maranatha. Ciallaíonn sé 'Tar a Thiarna'. Chun tús a chur leis an machnamh, abair an focal i gceithre shiolla chothrom, – MA-RA-NA-THA. Ná bí ag smaoineamh ar rud ar bith, ná bí ag samhlú agus na siollaí á rá agat arís is arís eile.

Ná bí ag iarraidh smaoineamh ar rud ar bith, fiú ar an smaoineamh spioradálta. Má thagann smaointe nó íomhánna chugat, scaoil chun siúil iad agus fill ar athrá a dhéanamh ar an mantra. Ná bac leis an ábhar seachráin.

**Urnaí Thosaigh:** A Thiarna Dia, lig dúinn láithreacht chiúin spiorad do Mhac a aithint. Treoraigh sinn isteach sa tost rúndiamhair sin, áit ina mbíonn do ghrá le sonrú ag cách a deir 'Tar a Thiarna Íosa'.

**Cleachtadh:** Réitigh amadóir le haghaidh uasmhéid fiche nóiméad. Suigh go ciúin gan bhogadh i rith an ama seo.

**Urnaí Dheiridh:** Glóir don Athair.

Roinn an taithí a bhí agat leis an rang, mura gcuireann sé as duit a leithéid a dhéanamh. Caith cuid ama ag guí paidreacha achainí a bheadh ar intinn ag an rang.

MÉ FÉIN

### Ceangail an t-athfhriotal leis an tagairt:

| | |
|---|---|
| Móránn m'anam an Tiarna. | **Matha 10:39** |
| Agus thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí. | **Salm 139:14** |
| An té a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é. | **Lúcás 1:46** |
| Imeánuéil. | **Lúcás 2:19** |
| Éistigí! Bíodh a fhios agaibh gur mise is Dia ann. | **Matha 1:23** |
| Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis. | **Salm 46:10** |

## Dearbhchothú

Nuair a thugaimid aitheantas do cháilíochtaí pearsanta an duine eile, dearbhaímid gur fíor dóibh. Is buntáiste don bheirt an cleachtadh deimhneach seo. Na daoine a dhéanann an dearbhchothú seo, déanann siad óna gcroí istigh é, gan éad, gan formad, gan clár oibre ar leith bheith ann. Taitníonn an faomhadh leis na daoine a fhaigheann é, láidrítear ar na buanna charachtair a bhaineann leo dá bharr. Is gléas éifeachtach é an dearbhchothú maidir leis an mbainistíocht coinbhleachta.

- Roinn an rang i mbuíonta beaga le ceathrar nó cúigear iontu
- Scríobhadh gach duine dearbhchothú don uile dhuine sa ghrúpa
- Bíodh sampla coincréiteach sa dearbhchothú den tréith charachtair dearfach a léirigh an duine úd
- Léann na mic léinn an méid a scríobh siad, agus bronnann an dearbhchothú scríofa ar an duine a luadh ann
- Spreag an rang leis na scríbhinní seo a shábháil le go gcuirfí leis na tabhartais iad mar bhuíochas ag an Aifreann/seirbhís urnaí.





# Eocairist

**Cuardach Focal**

Suipéar déanach
Misean
Aifreann
Corp Críost
Athmhuintearas
Eocairist
Slánú
Freastal
Buíochas
Ceart
An tÚrmhac
Claochlú

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | Z | U | Z | R | C | N | V | N | A | G | Y | O | S | O | C | Y | Y |
| C | B | U | X | X | F | I | N | P | P | A | P | J | S | H | A | F | Q |
| L | Z | F | A | P | I | I | N | M | F | W | H | T | A | C | H | P | N |
| A | V | C | E | A | R | T | A | S | I | Q | Z | S | H | A | M | H | A |
| O | O | H | O | Q | I | G | E | X | Y | P | G | O | C | N | R | U | E |
| C | N | F | R | H | C | W | R | W | D | N | T | Í | O | A | Ú | Q | S |
| H | F | X | U | M | U | R | F | W | C | C | S | R | Í | É | T | P | I |
| L | O | T | Q | Y | O | R | I | U | P | J | I | H | U | D | N | D | M |
| Ú | G | T | V | D | E | P | A | K | S | N | R | C | B | R | A | A | S |
| J | X | G | T | G | T | R | F | C | V | Y | I | P | N | A | H | B | L |
| U | F | R | E | A | S | T | A | L | A | H | A | R | Y | É | T | D | Á |
| P | J | X | L | D | Q | I | D | N | Z | J | C | O | M | P | U | P | N |
| U | V | M | J | K | S | F | B | C | V | K | O | C | K | I | H | K | Ú |
| S | G | G | J | N | N | A | I | X | V | K | E | G | Y | U | R | E | C |
| S | A | R | A | E | T | N | I | U | H | M | H | T | A | S | L | W | S |

## An bhfuil nasc idir Eocairist agus Freastal?

Is sacraimint ionadachta í an Eocairist. Nuair a bhíonn an Eocairist á cheiliúradh againn tugaimid chun cuimhne an grá neamhleithleach a léirigh Críost dúinn trína shaol a thabhairt uaidh ar ár son. Cuimhnímid air chomh maith gur gealladh saol sna Flaithis dúinn. Cruinnímid lena chéile, gabhaimid buíochas, déanaimid ceiliúradh, roinnimid lena chéile agus cothaítear sinn, buailimid ar aghaidh agus misean soiléir os ár gcomhair. Ag deireadh an Aifrinn deir an sagart linn dul amach agus an Tiarna a mholadh inár saol. Iarrtar orainn an teachtaireacht a roinneamar agus a ghuíomar lena chéile a chur i bhfeidhm. Is sinne an Ghairm Fhreastail. Nuair a dhéanaimid freastal ar riachtanais an duine eile déantar 'Aon Chorp Amháin' san Eocairist dínn. Nuair a ghlacaimid páirt i gceiliúradh na hEocairiste aontaítear lena chéile sinn.



**Ainmnigh duine amháin i do shaol a bhíonn ag freastal ar an duine eile i dtosach báire i gcónaí.**

Iarrtar orainn na buanna agus na scileanna a bhaineann linn a chur ar fáil ar mhaithe leis an duine eile.

**Dean cur síos ar eachtra inar chuir tusa do bhuanna agus do scileanna ar fáil le cabhrú leis an duine eile.**

## Ceiliúradh na hEocairiste

- Cén áit ina ndearna tú ceiliúradh ar an Eocairist riamh?
- Cén duine a thug maithiúnas duit riamh?
- Labhair faoin am inar fhulaing tú ar bhealach ar bith.
- Déan cur síos ar ócáid inar aontaíodh tú le daoine eile ag ceiliúradh na hEocairiste.
- Cén uair ar mhothaigh tú go raibh tú páirteach i gcomhluadar Críostaí?

Nuair a ghlacann muid páirt san Eocairist, cuirtear claochlú orainn, déantar daoine nua dínn.

**Déan cur síos ar eachtra inar mhothaigh tú gur tháinig athrú ort de bharr na hEocairiste, NÓ déan taighde faoi dhuine a dúirt gur athraigh eispéireas na hEocairiste iad. Mínigh an frása 'cuir ort an Críost'. Conas a spreagann an Eocairist sinn le haithris a dhéanamh ar Chríost agus bheith dílis dínn féin?**

Is é Íosa an sampla bunaidh den Fhreastalaí. Ag an Suipéar déanach, nigh Íosa cosa na ndeisceabal. 'D'éirigh sé ón suipéar, agus leag sé uaidh a chuid éadaigh, agus cheangail sé tuáille faoina choim. Ansin chuir sé uisce sa bháisín agus thosaigh ag ní cosa na ndeisceabal agus á dtiormú leis an tuáille a bhí faoina choim' (Eoin 13:4-5).

Níor thuig na deisceabail ag an am sin an méid a bhí á dhéanamh ag Íosa. Bhí sé ag nochtadh dóibh, na bealaí ina bhféadfaidís freastal ar a chéile. Rinne an Pápa Proinsias aithris ar an teachtaireacht seo nuair a bhí an Eocairist á cheiliúradh aige féin. Déardaoin Mandála 2013, nigh sé cosa dháréag ógánach a bhí in ionad coinneála. Sa bhliain 2014, rinne sé aithris athuair ar an deasghnáth seo in Ionad Don Gnocchi sa Róimh, áit ar tugadh dídean do sheanóirí agus dóibh san a raibh faoi mhíchumas.

- Cad a bhí á léiriú ag Íosa agus é ag déanamh níocháin ar bhealach a rinne na hísealaicmí amháin, de ghnáth?
- Conas a léirigh An Pápa Proinsias gur thuig sé teachtaireacht Íosa?
- Conas a mhothófá maidir le cosa duine eile sa rang a ní?
- Ní scéal faoi níochán cosa amháin atá sa Soiscéal. Cad é an bhrí dhomhain a bhaineann leis an scéal seo?
- Ainmnigh cúig rud a dhéanfá ar scoil nó sa pharóiste le taispeáint gur thuig tú brí an scéil seo.
- Cruthaigh póstaer, cum dán, nó scríobh amhrán a léiríonn brí iomlán 'Ionladh na gCos'.

Caitheann an scéal seo faoi na cosa a ní, solas ar chúrsaí ionannais agus cirt.

Deir Dermot Lane nach féidir le muintir na hEocairiste bheith ar nós cuma liom faoin easpa cirt, nó faoin neamhionannas. Toisc gur chruinníomar lena chéile chun an Eocairist a cheiliúradh, tá dualgas orainn dá bharr, dul amach agus an Tiarna a ghlóiriú inár saol féin.

**Déan plé faoi chúrsaí ionannais agus cirt in bhur scoil féin. An mbíonn páirt agatsa a chinntiú go mbíonn ionannas agus ceart do chách ar fáil i measc phobal na scoile?**

EOCAIRIST

## ‘Tugaigí sibhse rud le hithe dóibh’
## (Bunaithe ar shaothar Silvester O’Flynn OFM Cap)

Nuair a bhíomar ag ullmhú don Chéad Chomaoin, múineadh dúinn nach rud don Domhnach amháin, an Eocairist. Spreagann sé chun gnímh sinn. Tá sliocht eile ón Soiscéal ann, a léiríonn dúinn conas freastal ar dhaoine eile: Míorúilt na mBuilíní agus na nIasc.

> Bhí an lá ag druidim siar, áfach, agus tháinig an dáréag chuige agus dúirt leis: “Scaoil uait an slua, go dtéidís isteach sna bailte agus sna feirmeacha mórthimpeall agus lóistín agus lón bia a fháil, óir is áit uaigneach é seo ina bhfuilimid.” Ach dúirt sé leo: “Tugaigí sibhse rud le hithe dóibh.” Dúirt siad: “Níl againn ach cúig bhuilíní agus dhá iasc, ach mura dtéimid féin ag ceannach bia don chomhthionól seo uile”. Thóg sé na cúig bhuilíní agus an dá iasc, agus, ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh iad agus bhris agus thug do na deisceabail iad le cur os comhair an tslua. (Lúcás 9:12-16)

**Déan machnamh ar ghnéithe den scéal sin, agus smaoinigh:**

- Cén uair ar thug tusa rud le hithe do dhuine lena chothú?
- Rinne Íosa deimhin de go raibh na deisceabail páirteach i ndáileadh an bhia. Cén uair ar thug duine eile cabhair agus teagasc duitse le go bhféadfá tasc a chur chun críche?
- Tagann an focal ‘Comaoin’ ón fhocal Laidin *munio*, focal a chiallaíonn ‘freagracht’. Déan cur síos ar eachtra ina raibh deacracht agatsa bheith mar chuid den chomhluadar.
- Caithimid Críost a aithint i ngnáthchúrsaí an tsaoil. Déan plé faoi na hamanna inar nocht tusa grá Chríost do dhaoine, nó inar nochtadh grá duitse.


**Féach Matha 25:35-40 agus scríobh faoin am inar ...**

- Chuir tú fíorchaoin fáilte roimh dhuine.
- Chabhraigh tú le duine a bhí tinn.
- Chaith tú roinnt ama le duine a bhí ag fulaingt nó i dtrioblóid.

EOCAIRIST

Deir Silvester O’Flynn go ndéantar ciorrú ar ghrá Dé mura gcuirimid ar aghaidh é

**Déan liosta de na bealaí ina bhféadfása grá Dé a chur ar aghaidh sa phobal.**



# Deich nAitheanta an Iompair ar Líne

1. Bí dearfach agus gealgháireach. Úsáid ‘meangadh digiteach’ agus bíodh aoibh mhaith ort. Deir An Pápa Proinsias gan gnúis shollúnta nó gnúis shearbh bheith ort!
2. Ná hinis bréag ar an idirlíon. Ná haontaigh le bréag!
3. Scaip an cairdeas agus an grá ar líne. Déan gach iarracht bheith báúil leis an muintir a fhulaingíonn sa saol (*Ubi caritas et amor*).
4. Ná bí ionsaitheach, nó daorbhreithiúnach, ná bí ag seanmóireacht ar líne. Bain triail as cur chuige ceanúil An Phápa Proinsias.
5. Glac leis go foighneach má cheistíonn nó má mhaslaíonn daoine tú. Déan iad a cheartú go béasach, más féidir.

# Conas is féidir liom freastal ar dhaoine inniú?

**Mé Féin**

**Eocairist**

**Réimeas Dé**


Gairm
Soiscéalaíocht

6. Bí ag guí sa saol digiteach! Cruthaigh áiteanna naofa, deiseanna ciúnais, suímh mhachnaimh ar líne.

7. Cruthaigh naisc agus tóg pobal. Is é gnó na hEaglaise é daoine a thabhairt le chéile. Scaip poist a bhfuil fianaise láidir faoin Soiscéal iontu. Lean an teagasc faoi bheith ag tabhairt grá dá chéile.

8. Cuir nósanna chun cinn a chinnteoidh sláine an uile dhuine! Bí freagrach ar líne!

9. Bíodh meas agat ar do dhínit féin agus ar dhínit an duine eile i ngach a déanann tú ar líne.

10. Tá an cumas ann ar an idirlíon fianaise a thabhairt – roinn an Soiscéal ar líne

*Oiriúnaithe ón Ardeaspag Eamonn Martin*

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2015

Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

# Réimeas Dé

Ón uair a thosaigh sé ag seanmóireacht agus ag teagasc, labhair Íosa faoi réimeas Dé ar domhan . Thug sé **'Ríocht Dé'** ar an mbealach ina bhfeidhmíonn Dia anseo, agus toisc go luaitear an frása seo breis agus céad seasca uair sna Scrioptúir Chríostaí, sea tuigimid gurb é an smaoineamh seo an ceann ba thábhachtaí a mbíodh Íosa ag labhairt faoi. Is ait an rud é nach luaitear an frása seo faoi réimeas Dé bheith mar Ríocht, ach aon uair amháin sa Sean-Tiomna, sé sin in Eagna 10:10, agus níor bhain teagascóir nó grúpa Giúdach eile úsáid ar bith as riamh ina gcuid teagaisc.

**Filleadh ar Nazarat: Lúcás 4:16-30**
Tugtar léargas ar an tuiscint a bhí ag Íosa maidir le réimeas Dé in eachtra a tharla sa tsionagóg i Nazarat, go luath tar éis don Tiarna tús a chur leis an tseanmóireacht agus leis an teagasc ar fud na Gailíle ...

> Tháinig sé go Nazarat, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa: "Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhaill; ag scaoileadh lucht géarbhroide saor; ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna." (Lúcás 4:16-19)

> Agus bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus thosaigh sé ag rá leo: "Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas." (Lúcás 4:21)

Bhí aithne ag cách ar an sliocht a roghnaigh Íosa. Rinne sé cur síos ar Rí (duine coisricthe, Meisias) a bhí le teacht, duine a bhunódh an saghas ríochta a theastaigh ó Dhia. Bheadh áit cheart don uile dhuine sa ríocht seo, ní choinneofaí duine ar bith amach, ní chaithfí anuas orthu de bharr tinnis nó de bharr na bochtaineachta. Bhí áthas an domhain ar mhuintir Nazarat, nuair a dúirt Íosa go dtiocfadh an Meisias ar feitheamh ón cheantar sin. Cuireadh olc orthu áfach nuair a thuigeadar go raibh sé i gceist ag Íosa go mbeadh fáilte roimh chách agus roimh an **domhan uile** isteach ann, agus ní roimh phobal tofa na Palaistíne amháin.

> Agus a raibh sa tsionagóg, nuair a chuala siad an méid sin, líon siad d'fheirg, agus d'éirigh siad agus thiomáin amach as an gcathair é. (Lúcás 4:28-29)

Níor fhill Íosa riamh ar Nazarat, ach ar feadh trí bliana thaisteal sé ar fud na Gailíle ag míniú i bhfocail agus i ngníomh, an bhrí a bhain le Ríocht Dé. Thaispeáin sé dóibh nach raibh Ríocht Dé in aon áit ar leith, ach gur **slí mhaireachtála** a bhí ann a chruthódh an saghas saoil a bhí i gceist ag Dia **do chách**. Dhéanfaí aon ríocht amháin as an domhan uile, – Ríocht Dé.

Shín Íosa an lámh chúnta go minic ina shaol. Bhí trí ghrúpa ann ach go háirithe a fuair cabhair leithleach uaidh:

1. Na heasláin, na bacaigh, na daill, na bodhair, na balbháin – na daoine a d'fhulaing **tinneas nó go raibh dúshláin fhisiceacha rompu**;
2. **Na bochtáin** – formhór de phobal Iosrael; bhí saol crua acu agus iad ar bheagán saibhris;
3. **Na Peacaigh Phoiblí**, bailitheoirí cáin agus striapacha ach go háirithe.

Bhí an taithí chéanna ag na grúpaí seo maidir le dearcadh an tsochaí ina leith, agus an bealach inar dhéileáil pobal na linne sinn i gcoitinne leo. Caitheadh anuas orthu, bhí drochmheas orthu, saoránaigh ísealchéime ab ea iad.

**An féidir leatsa grúpaí/daoine a ainmniú nach bhfuil meas madra ag sochaí na hÉireann orthu? Luaigh na fáthanna taobh thiar den rogha a rinne tú.**

## Réimeas Dé in Éirinn an Lae Inniu

Samhain 2013, d'eisigh An Pápa Proinsias an chéad scríbhinn thábhachtach a scaip sé mar Phápa. Tugadh *Evangelii Gaudium*, ar an doiciméad seo, rud a chiallaíonn 'Lúcháir an tSoiscéil'. Tugann an teachtaireacht seo, a chuir sé os ár gcomhair ag tús a mhinistreacht mar Phápa, léargas dúinn ar an bhfógra faoi réimeas Dé a rinne Íosa sa tsionagóg i Nazarat:

> 'Cé hiad na daoine a dtugann an Eaglais aire dóibh i dtosach báire? Tá treoir shoiléir le fáil sna Soiscéil. Ní hiad ár gcairde iad, ní hiad an dream rachmasach iad: ba cheart freastal ar na bochtáin agus orthusan nach bhfuil ar fónamh i dtosach báire, an mhuintir a ndéantar faillí díobh de ghnáth, iadsan "nach mbíonn teacht acu ar é a chúiteamh leat" (Lúcás 14:14). Ní féidir glacadh le héiginnteacht nó le débhríocht a dhéanfadh maolú ar an teachtaireacht shoiléir seo.' (*EG*, #48)





Grianghraf: Brenda Drumm

Tá duine amháin in Éirinn a bhí go mór chun tosaigh maidir le bheith ag freastal ar na bochtáin, ar an mhuintir a bhí faoi chois, orthusan a rinneadh faillí ina leith. An Br. Kevin Crowley is ainm dó, duine a rugadh i gCorcaigh agus a bhunaigh ionad cúram lae na gCaipisíneach i mBleá Cliath sa bhliain 1969.

Thug sé faoi deara go mbíodh go leor daoine ag teacht chun na mainistreach ag lorg déirce, go leor acu ag siúl na sráideanna gan dídean ar bith acu, gan áit le greim bia a fháil nó codladh na hoíche a chaitheamh ann. Thagadh cuid acu isteach sa séipéal le luí in aice leis na radaitheoirí ag lorg teasa, go dtí go gcuirfí chun siúil iad. Mheas sé nach mbeadh traidisiún Naomh Proinsias á leanúint aige dá seasfadh sé i leataobh gan faic a dhéanamh, agus bhuail an smaoineamh é go mbunódh sé ionad le freastal ar an bpobal gan dídean agus iarracht a dhéanamh roinnt den chruatan a bhaint díobh.

I dtosach báire, tháinig thart faoi chaoga duine in aghaidh an lae chucu agus tugadh anraith agus ceapairí dóibh. Tháinig méadú suntasach ar an líon sin daoine go luath ina dhiaidh sin agus méadaíodh ar an spás a bhí uathu. Bíonn tuairim is seacht gcéad duine ag tabhairt cuairt ar an ionad cúram lae seo faoi láthair.

Ó Luan go Satharn cuirtear bricfeasta ar fáil, rudaí ar nós tae nó caife, leite, ispíní, slamar donn, rollóga, nó anraith óna 9 r.n. go dtí 11.30 r.n. Dúntar an t-ionad ansin ar feadh tamaill le go bhféadfaí an lón a ullmhú, lón a bhíonn ar fáil ó 1 i.n. go dtí 3 i.n., agus suas le cúig chéad duine ann chun lón a ithe. Tá méadú ag teacht ar an líon daoine óga a fhreastalaíonn ar an ionad, bíonn seomra ar leith acu mar chosaint dóibh, agus bia cothaitheach ar fáil dóibh.

Cuireadh ceist air faoi dhaoine nach raibh gátar orthu bheith ag ithe go mímhacánta ag an ionad . Dúirt An Br. Kevin gurb é mana Phroinsias é nach gcuirfí ceist ar dhuine ar bith. Thug sé faoi deara gur tháinig bean i ngluaisteán mór lá, le béile a chaitheamh lena páiste. Nuair a labhair Kevin léi, phléasc sí amach ag gol ag rá go raibh gach uile rud a bhain léi sa charr, toisc gur thug a fear céile drochíde di, gur cuireadh amach ar thaobh an bhóthair í, agus nach raibh pingin aici, nó áit dídine aici ach oiread.

Creideann An Br. Kevin go bhfuil an bhochtaineacht níos measa anois ná mar a bhí cúrsaí nuair a bunaíodh an t-ionad cúig bliana agus dhá scór ó shin. Dáiltear beartáin bhia ar na bochtáin lá amháin sa tseachtain chomh maith, beartáin ina mbíonn bainne, tae, arán, im, cáis, pasta agus bianna eile. Bhíodh suas le ceithre chéad duine á lorg dhá nó trí de bhlianta ó shin, ach bíonn breis agus míle sé chéad duine á lorg faoi láthair. Chomh maith leis na daoine gan dídean bheith ag lorg bia, bíonn "bochtáin na haoise nua" ann, iadsan a chaill poist agus iadsan atá i mbaol bheith díbeartha óna gcuid tithe. Bíonn scéalta truamhéalacha le cloisteáil. Bhí bean ann agus mac léi i mbun na hardteistiméireachta, iníon léi a bhí ag gabháil don Teastas Sóisearach, bhí scrúduithe le déanamh acu ar maidin áirithe, agus gan greim bia sa teach toisc gur briseadh an mháthair agus an t-athair as a gcuid poist, agus gur caitheadh pé airgead a bhí acu ar an morgáiste.

Ag ionad cúram lae na gCaipisíneach bíonn fáilte mhór roimh chách, ní chuirtear duine ar bith ó dhoras, ní bhítear ag déanamh breithe ar dhuine, ní fhágtar duine gan bhia. Níor tháinig méadú ar bith ar an deontas a bhronnann an Rialtas orthu, (€450,000 per annum) ón mbliain 2007, cé go mbíonn costais €2.1m orthu in aghaidh na bliana faoi láthair. Braitheann siad go huile is go hiomlán ar fhlaithiúlacht an phobail. D'fhéadfaí a rá gurb é An Br. Kevin príomhfheidhmeannach an fhiontair, ach ní fhaigheann sé tuarastal ar bith uaidh.

Sa bhliain 2014, moladh An Br Kevin, chomh maith leis an bpeileadóir idirnáisiúnta agus tráchtaire sacair RTÉ John Giles, le go mbronnfaí Saoirse Chathair Bhleá Cliath orthu.

(Foinse: *Southern Star,* 13 Iúil 2013)

REIMEAS DÉ

- Cad iad na bealaí ina bhféadfaí réimeas Dé de réir mar a chuireann Íosa síos air, a thabhairt faoi deara in obair an Ionaid Cúram Lae na gCaipisíneach sa lá atá inniu ann? Féach **www.capuchinfranciscans.ie**.
- Conas is féidir linne freagra a thabhairt ar dhúshlán An Phápa Proinsias, agus Ríocht Dé a thógáil?
- Labhraíonn An Br. Kevin faoi 'bochtáin na haoise nua'. Cad is brí lena leithéid?
- Conas a spreagfaidh obair An Bhr. Kevin muidne lenár mbuanna féin a úsáid ar son Ríocht Dé?

# Gairm

## Bíodh seisiún ransaithe smaointe agat le do chomharsa faoi bhrí an fhocail 'gairm'. Ar chuala tú cheana é? Cé hiad na daoine a ndéanann sé tagairt dóibh?

Is minic go dtuigimid brí focal tríd an traidisiún a bhaineann leo. Tuigtear gur gairm í an glao a chuirtear ar dhaoine dul leis an saol cráifeach, bheith mar shiúr, mar shagart, nó mar bhráthair. Tá brí níos leithne ná sin ag an bhfocal 'Gairm' áfach. Ciallaíonn sé go bhfaigheann gach uile dhuine cuireadh nó *glao ó* Dhia bheith cairdiúil leis. Tugtar cuireadh dúinn bheith dílis go smior dúinn féin, ligean dúinn féin bláthú, an uathúlacht a bhaineann linn a thabhairt os comhair an tsaoil, bheith chomh foirfe agus is féidir linn. Is cuireadh dúshlánach é seo!

Cén bhrí *a bhaineann leis an nglao seo*? Ní adharc nó bonnán glórach atá ann a lorgaíonn aird uainn. Ní ordú ó leabhar na rialacha atá ann. Is cuireadh chun cainte é, le tosach a chur le cairdeas a dhéanamh le Dia, agus dá bharr san, leis an domhan inár dtimpeall. Ba mhaith le Dia go gcaithfeá saol den scoth, saol uathúil, speisialta saol beannaithe. Is mar seo a ndéantar cur síos ar scéal chruthú an domhain: 'Fireann agus baineann a chruthaigh sé iad. Bheannaigh sé iad agus thug an t-ainm An Duine orthu'. (Gein 5:2).

**Smaoinigh ar feadh nóiméid, le súile dúnta – conas ar beannaíodh mo shaol féin?**

Gach beannacht a cuireadh ort, is beannacht ar leithligh duitse é. Seans go gceapfá uaireanta go bhfuil níos mó beannacht faighte ag daoine eile ná mar atá agat féin, na héadaí cearta, na cairde cuí, an dearcadh faiseanta. Beannaítear ar bhealaí éagsúla sinn áfach, ní chuirtear an glao céanna chun foirfeachta orainn ar fad. An fíordhuine atá ionainn, tá sé lán de bhuanna agus de thallanna atá réidh le forbairt. Bíonn sé deacair orainn uaireanta, na buanna seo a aithint.

**Smaoinigh ar na himeachtaí a thaitníonn leat. Cad iad na rudaí a thugann fuinneamh duit?**

Ceol nó líníocht b'fhéidir, léamh nó scríobh, bheith mar oibrí deonach leis an gclub spóirt áitiúil, nó le Cumann Naomh Uinseann de Pól; dreas cainte le daoine eile, bheith ag díospóireacht nó bheith bainteach le haontas na mac léinn. Is é an chéad chéim ar an mbealach chuig d'áit sa saol a thuiscint é, aithne a chur ar na rudaí a spreagann go mór tú. Uaireanta tugtar 'grinneas' ar an bpróiseas seo.

Cloistear an focal 'grinneas' go minic sa saol spioradálta. Ciallaíonn sé go dtugaimid cluas don rud atá inár gcroí istigh, áit ina labhraíonn Dia linn, agus muid ag tabhairt aire do na mianta atá ionainn, le go bhfoghlaimeoimis faoi conas a bheith ag maireachtáil ar bhealach cuí. Baineann an grinneas leis na roghanna a dhéanaimid. Baineann sé leis an dóchúlacht a bheadh ionainn sa saol, agus muid ag éisteacht go ceanúil leis an gcuid sin dár meon a iarrann orainn 'go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial'. (Eoin 10:10). Is í sin an chuid bhunúsach díot a lorgaíonn uait go gcaithfeá saol iomlán, agus scaoileadh leis na rudaí a chuirfeadh bac ort.

Conas is féidir linn a leithéid a dhéanamh agus an saol chomh broidiúil sin cheana féin? Bíonn brú ón scoil orainn, ón spórt, ó na meáin shóisialta, agus bíonn an claonadh ann am agus aire iomlán a thabhairt do na rudaí sin inár saol.

*Iniúchadh Laethúil* Bealach urnaí a chruthaigh Naomh Iognáid Loyola a bhunaigh na hÍosánaigh, atá ann, urnaí atá dírithe orthusan a bhíonn faoi bhrú ama, intinn ar seachrán go minic. Tugann sé deis duit bealach a aimsiú a chuirfeadh ar do chumas éisteacht le mianta do chroí istigh, tuiscint bheith agat ar na hábhair dhóchais a bhaineann le do shaol, grá a bheith agat duit féin, agus bheith ar do chumas freastal a dhéanamh ar  dhaoine eile dá bharr san. Bainimis triail as!

1. **Aimsigh áit chiúin**
   Aimsigh áit a mbeadh saoirse ó chur isteach ort ón bhfón agat ann, ón idirlíon, ón teilifís, ó do mhuintir féin nó ón scoil. Bí compordach, ach ní chomh compordach sin le go dtitfeá i do chodladh!
2. **Déan ábhar buíochais éigin a aithint**
   Smaoinigh ar rud éigin a tharla i rith an lae a raibh tú buíoch as. Cuimhnigh ar conas mar a mhothaigh tú ag an nóiméad sin. Tabhair suntas do na mothúcháin sin agus bí buíoch astu, agus cuimhnigh air go dtagann gach bronntanas ó Dhia.
3. **Lorg an tsaoirse**
   Déan guí ar son saoirse ó na nithe sin a chuireann an intinn ar seachrán ionainn, ó na rudaí a chuireann bac orainn, ó na nithe a chuireann an bhreith ar sceabha ionainn. Iarr ar an Spiorad Naomh grinneas intinne a thabhairt dúinn ionas go dtuigfimid fíor bhrí imeachtaí an lae, conas mar a thugamar freagairt orthu, agus pé claonadh a bhain lenár ngníomhartha.
4. **Caith súil siar ar an lá**
   Déan iarracht imeachtaí an lae a thabhairt chun cuimhne amhail is dá mba rud é go raibh tú ag breathnú ar scannán. Cad a tharla nuair a dhúisigh tú, nuair a tháinig tú ar scoil, nuair a d'fhreastail tú ar ranganna, cad a tharla ag am lóin, ag am sosa? Moilligh ar feadh nóiméad agus smaoinigh ar aon eachtra mór le rá a tharla. An raibh Dia ag labhairt leat ar aon bhealach ag an bpointe sin?
5. **Labhair le Dia**
   Inis do Dhia an rud atá ar intinn agat – an dóchas, an eagla, na mianta. Déan buíochas a ghabháil as rud a tháinig chun cuimhne, bí ag lorg maithiúnais as na focail a dúirt tú, as na bearta a rinne tú nár réitigh leat, go fíor. Tá am agat teagmháil a dhéanamh le Dia. Seans go n-iarrfar ort feidhmiú ar bhealach éagsúil amárach, gan am a chaitheamh ag tabhairt amach, agus bheith níos soineanta agus buíoch.
6. **Cuir deireadh leis an urnaí**
   D'fhéadfaí deireadh a chur leis an urnaí trí 'Ár nAthair' nó paidir dá leithéid a rá.

*Oiriúnaithe ó* Busted Halo

Is paidir phraiticiúil í an t-Iniúchadh, paidir atá iomlán réadúil. Ba mhaith le Naomh Iognáid an t-Iniúchadh a úsáid ar bhealach a chuirfeadh ar aghaidh muid i gcúrsaí an tsaoil. Caithfimid páirt a ghlacadh san urnaí, ár ngaol le Dia a chothú, brí an urnaí a chur i ngníomh agus freastal ar dhaoine eile. Bheadh ar dhaoine áirithe bheith ag déileáil leis an bpobal ar bhealach níos oiriúnaí, agus iarracht á dhéanamh acu bheith tuisceanach faoi mhianta an duine eile, nó am a chaitheamh ag obair go deonach. Bheadh dúshlán roimh dhaoine eile tacaíocht a thabhairt d'fheachtas domhanda in aghaidh na héagóra, nó a leithéid. Iarrtar ar dhaoine éagsúla na buanna agus na tallanna atá acu a úsáid ar bhealaí éagsúla.



© findyourinneriggy.ignatianspirituality.com

**Scríobh freagra do na ceisteanna thíos, i do dhialann:**
**Conas is féidir liomsa freastal ar dhaoine eile?**
**Conas mar a chuireann Dia gairm fhreastail ormsa?**

Cuirtear gairm éagsúil uathúil ar an uile dhuine againn. Is fúinne atá sé an ghairm seo a aithint agus a thuiscint. Beonn an creideamh na rudaí a thugann fuinneamh duitse, na rudaí a spreagann tú, na rudaí a bhfuil suim thar na bearta agat iontu, an bealach ina gcaithfeá do shaol, nuair a chothaíonn tú gaol muiníneach le Dia. Tá an ghairm ann, is fút féin é, freagairt a thabhairt air!

**Tabharfaidh an áis thíos cabhair duit má dhéanann tú urnaí ar mhaithe le mianta do chroí a aithint.**




*Oiriúnaithe ó Dheoise Arlington*

# Soiscéalaíocht

Is dócha gur chuala tú trácht ar an bhfocal 'soiscéalaíocht' i rith ranga Teagasc Críostaí. B'fhéidir gur cuimhin leat gur tugadh Soiscéalaithe ar na daoine a scríobh na Soiscéil.

Is Soiscéalaithe iad na daoine a dtugtar scríbhneoirí an tSoiscéil orthu: Marcas, Matha, Lúcás, agus Eoin a scaip Soiscéal Chríost.

**Ar chuala tú faoin tsoiscéalaíocht riamh?**

In *Evangelii Gaudium* scríobh An Pápa Proinsias; 'Is í aidhm na Soiscéalaíochta ná próiseas fáis a spreagadh a dhíreoidh go dáiríre ar an duine aonair agus ar an bplean indibhidiúil atá ag Dia don duine sin ...' (*EG*, # 160).

Mar lucht leanta Íosa, tuigimid go bhfeidhmíonn an tsoiscéalaíocht mar bhealach a thugann deis dúinn Soiscéal Íosa Críost, Soiscéal na Soiscéal, a nochtadh chuig an uile dhuine a bhuaileann linn.

Is rud iontach dearfach é an Soiscéal! Ní furasta dea-scéal an tSoiscéil a choimeád chugat féin! Nuair a fuarthas amach go raibh an tuama folamh, nuair a nocht Íosa é féin do na haspail, nuair a bronnadh grásta an Spioraid Naomh orthu, líonadh lucht leanta Chríost le lúcháir. Ritheadar amach ar na sráideanna leis an dea-scéala a fhógairt don duine a thabharfadh cluas le héisteacht dóibh, gurb é Íosa an Slánaitheoir, gur aiséirigh sé ó na mairbh, go raibh an tsíocháin i ndán do na daoine sin a chuirfeadh a muinín ann, go mbeadh saoirse iomlán acu agus go bhféadfaidís a bheith ag súil leis an mbeatha shíoraí.

Seans gur chuala tú focail den tsóirt seo ón iomann úd:

> 'Imígí agus scaipigí an dea-scéala go bhfuil Ríocht Dé tagtha ... Chuir Sé amach mé leis an Soiscéal a thabhairt chuig na bochtáin, le rá leis an gcime nach cime a thuilleadh é ...'

Nuair a líonadh lucht leanta Chríost leis an Spiorad Naomh, bhíodar saor ón uile eagla, bhraith siad go raibh Dia ag iarraidh orthu dul amach agus gan an dea-scéala a choimeád chucu féin ach é a rá leis *an uile dhuine*. Chomh luath agus a d'fhág siad seomra an tSuipéir, cuireadh tús le traidisiún na soiscéalaíochta.

Mura mbeadh na meáin ag díriú ar scéalta faoin gcogadh, faoin mbochtaineacht, faoin mbás, ach béim *bhreise* bheith á chur acu ar an 'Soiscéal', cad a cheapfá dá leithéid?

**Tá suíomh idirlín ann "World's Best News" a dhéanann dea-scéalta amháin an domhain a chraoladh. Léigh dhá dhea-scéal ar an suíomh seo ag: www.dochas.ie/Shared/Files/2/140918-_WBN_newspaper_2014.pdf**

**Déan tusa agus an duine in aice leat, i mbeirteanna, cur síos a scríobh ar dhea-scéal a bhaineann le do scoil féin, nó leis an bpobal áitiúil.**

## Cad chuige an tSoiscéalaíocht?

Nuair a scríobh na Soiscéalaithe  Briathar Dé thug siad áit oiriúnach dúinn chun scagadh a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le soiscéalaíocht an lae inniu:

I Soiscéal Lúcáis tá cur síos ar an mbealach inar sheas Íosa sa tsionagóg, áit ar léigh sé ó leabhar an tsaoi Íseáia: "Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil' (Lúcás 4:18).

Deirtear go soiléir i Soiscéal Mharcais: ''Imígí faoin domhan uile agus fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile' (Marcas 16:15).

**Cén fáth a raibh tábhacht ar leith ag baint leis an tsoiscéalaíocht  sa Luath-Eaglais?**

Tabhair faoi deara an bealach ina gcuireann Matha deireadh leis an Soiscéal: 'Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.' (Matha 28:19-20).

**Cén fáth, an dóigh leat, ar chuir Matha deireadh lena Shoiscéal ar an mbealach sin?**

Tugann Eoin le fios go neamhbhalbh go bhfuil dualgas orainn an Soiscéal a chur os comhair an tsaoil: 'Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh' (Eoin 15:16).



Cuirtear Lúcás in iúl mar dhamh. Ba dhochtúir é a chónaigh i gCoraint. Bhí a chuid scríbhinn dírithe ar na daoine a d'athraigh meoin toisc gur chuala siad an Soiscéal.

Cuirtear Marcas in iúl mar leon. Cad is brí leis an tsiombail seo? Crógacht? Ba é Marcas a scríobh an chéad soiscéal. Chónaigh sé sa Róimh, áit nach raibh sábháilte ar chor ar bith do Chríostaithe na linne.



? Cén tsiombail a bheadh oiriúnach do do phearsantacht féin? An bhféadfá bheith mar shoiscéalaí i do bheatha féin tríd an méid a bhíonn á scríobh agat, ar nós na soiscéalaithe?



Cuirtear Matha in iúl mar fhear, iar-raibí a bhí ag scríobh do phobal Antioch, agus é ag iarraidh a thabhairt le fios go raibh gaol láidir ann idir scrioptúir na nGiúdach agus teagasc Chríost.

Cuirtear Eoin in iúl mar iolar: 'Agus tarraingeoidh Sé aníos tú.....'. Ar nós an iomainn álainn úd, is é soiscéal Eoin an ceann is fileata acu, é cruthaitheach, ealaíonta, inspioráideach. Cuireann sé síos ach go háirithe ar dhiagacht Íosa.



'Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile' (Matha 28:19) ab ea téama Lá Domhanda na nÓg, Rio de Janeiro 2013. Nuair a labhair An Pápa Proinsias leis na milliúin duine óg a bhí i láthair, rinne sé tagairt do na focail sin, agus don soiscéalaíocht. Chuir An Pápa Proinsias trí smaoineamh shimplí os comhair na n-óganach a bhí cruinnithe in éineacht leis:

- Imigh
- Ná bíodh eagla ort
- Freastail.

**Téigh chuig www.catholicschools.ie agus beidh teacht agat ar na nótaí aithisc.**

Labhraíonn Briathar Dé linn sa lá atá inniu ann, agus tá an chumhacht aige spreagadh a thabhairt dúinn díreach ar an mbealach inár spreag sé Críostaithe na Luath-Eaglaise.
An gcuimhnímid air go gcaithimid an Soiscéal seo a chur os comhair chách?

## Éireannaigh a bhí mar Shoiscéalaithe

In Éirinn, tír na saoithe is na naomh, tá traidisiún láidir againn maidir le soiscéalaithe a raibh tionchar nach beag acu ar an gcreideamh, ní hamháin anseo in Éirinn, ach ar fud na hEorpa.

**Déan taighde maidir le naomh ó do dhúiche féin a bhí mar shoiscéalaí fadó, m.sh. Colmán. Cuir taispeántas le chéile le cur ar chlár fógraíochta an oideachais reiligiúnaigh.**

## Cé hiad Soiscéalaithe an lae inniu?

Tá an Eaglais ann chun an soiscéal a chraobhscaoileadh. Nuair a dhéanaimid freastal mar Chríostaithe, bímid ag cabhrú leis na daoine imeallacha a fhulaingíonn ón mbochtaineacht agus ón éagóir, ag tabhairt cúnaimh do na cimí, do na heasláin, don duine leochaileach.

Iarrann An Pápa Proinsias maireachtáil de réir an tSoiscéil '... Tá grá ag Íosa Críost daoibh; thug Sé a bheatha uaidh le sibh a shábháil, agus anois bíonn Sé i do theannta gach lá den saol, ag tabhairt tuiscint, neart, agus saoirse duit' (*EG,* #164).


**Déan machnamh mar seo: an dtuigimid go bhfuilimid i dteannta Dé gach lá dár saol? An bhfuil sé de mhianach ionainne an Soiscéal a scaipeadh ar bhealach níos fearr? Cad a chabhródh linn a leithéid a dhéanamh?**

## Soiscéalaíocht don Lá Inniu

Cén bhrí a bhaineann *tusa* as an bhfocal soiscéalaíocht? An rud ábhartha duitse é an smaoineamh sin? An bhfuil soiscéalaithe ar an saol faoi láthair?






Cén cruth atá ar an tsoiscéalaíocht? An iad na daoine ar nós An Phápa Proinsias amháin a bheadh mar shoiscéalaithe i saol an lae inniu? Nach bhféadfása é a dhéanamh? Is féidir leatsa an Soiscéal a scaipeadh trí bheith *mar* Shoiscéal , agus grá, meas agus cineáltas á scaipeadh agat i measc na ndaoine a dhéanann teagmháil leat.

Bíonn tionchar nach beag ag an mbealach ina n-úsáidimid na meáin shóisialta ar shaol dhaoine eile. Smaoinigh air: an mbainimid úsáid as na meáin shóisialta ar son leasa an phobail? An ndéanaimid gach iarracht an íomhá is mealltaí dínn féin a chur os comhair an tsaoil? Conas a bhainfimid úsáid as na meáin shóisialta le bheith mar Shoiscéal i measc an tslua?

**Ag www.catholicschools.ie gheobhaidh tú bileog eolais agus obair faoi chineáltas sna meáin shóisialta.**

# An Eocairist agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha

Cruthaigh áit naofa le go bhféadfaí an Eocairist a cheiliúradh ann. Cuir athrú crutha ar an áit trí mheirgí agus cuirtíní a chrochadh.

Le Scríobh ar do Mheirge:

'Níor tháinig Mac an Duine chun go mbeifí ag freastal air ach chun go ndéanfadh sé féin freastal'

'Déanaigí bhur ndualgas le fonn don Tiarna',

**FREASTAL**: **M**é féin, **E**ocairist, **R**éimeas Dé, **G**airm, **S**oiscéalaíocht.

Ceol:

Bíodh ceol suaimhneach/Taizé ar siúl sula dtagann an slua isteach san áit naofa, *Ubi Caritas, Laudate Omnes Gentes, Deus meus*.

Iomann Iontrála:

Móra Duit a Rí na Cruinne.

Mórshiúl Tosaigh:

Iarr ar lucht na Céad Bliana, meirgí a chruthú ar a mbeadh suaitheantais na mbunscoileanna as ar tháinig siad, leagtha amach. D'fhéadfaí iad a chur ar taispeáint ag tús an Aifrinn le go dtuigfí leanúnachas oideachas na gCaitliceach sa pharóiste.

Tugann na mic léinn cúig lóchrann chun tosaigh, lóchrainn a léiríonn eilimintí d'éiteas na scoileanna Caitliceacha – Mé Féin, Eocairist, Réimeas Dé, Gairm agus Soiscéalaíocht – le leagan ar an talamh os comhair na haltóra.

1. Ofrálaimid an lóchrann seo mar shiombail den uile dhuine aonair ar scoil bheith mar sholas a lonraíonn go geal agus go mbíonn **Mé Féin** ag lonrú ar bhealach ar leithligh i measc lóchrann eile.
2. Ofrálaimid an lóchrann seo mar shiombail den **Eocairist,** solas an domhain, corp agus fuil Chríost, a roinnimid mar phobal scoile.
3. Ofrálaimid an lóchrann seo mar shiombail de **Réimeas Dé**, guímid go mbeidh comhbhá agus ceartas Chríost le sonrú i ngach a déanaimid ar scoil.
4. Ofrálaimid an lóchrann seo mar shiombail den **Gairm**, go mbeidh áit shona oiriúnach againn ar domhan, agus ár muintir féin, muintir na scoile agus pobal an pharóiste i gcoitinne ag cabhrú agus ag tacú linn i gcónaí.
5. Ofrálaimid an lóchrann seo mar shiombail den t**Soiscéalaíocht**, ionas go n-aithneoidh gach aon chuairteoir ar scoil a dhéanann teagmháil linn mar mhic léinn agus mar mhúinteoirí, go bhfuil Críost ionainn.

An Chéad Léacht: (Isea 52:13-15)

Tugann an Tiarna gealltanas dá lucht leanúna go mbronnfar gradam agus céimíocht orthu.

Salm le Freagra: (Salm 103:1-3, 21-22)

Salm/Iomann: A Athair Dílis.

Dara Léacht (Rómh 12:2, 4-6a, 9, 10, 21)
Spreagann Naomh Pól an pobal Rómhánach le go ndéanfaidís comhoibriú lena chéile mar Chorp Chríost.
Gairm an tSoiscéil
Aifreann Ghleann Dá Loch (Lawton).
Soiscéal (Eoin 13:34-38)
Bíodh grá agaibh dá chéile.



## Aitheasc

Guí an Phobail:

**CEANNAIRE:** Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: **Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail**. Iarrann Íosa orainn mar phobal scoile atá ag maireachtáil agus ag obair lena chéile go mbeidh an grá agus an chaoinfhulaingt go mór le sonrú inár láthair, agus iarraimid ar Dhia an grásta sin a bhronnadh orainn:

1. **EAGLAIS**: A Thiarna, cneasaigh aon easaontas a tharlaíonn i measc lucht na hEaglaise, agus déan iomlán arís í. Go mbeidh tearmann agus síocháin i do láthair roimh an uile dhuine a lorgaíonn san Eaglais iad. *A Thiarna éist linn ...*
2. **SCOIL:** Nuair a bhíonn Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha agus an ghairm fhreastail a chuirtear orainn á cheiliúradh againn, guímid go gcothófar buanna na mac léinn go mór ar scoil. Deonaigh go spreagfar na daltaí in ionad seo an chreidimh agus an oideachais, ionas go mbeidh siad tiomanta do leas an domhain a chur chun cinn de réir mar is féidir leo. *A Thiarna éist linn ...*
3. **MÉ FÉIN:** A Thiarna, tabhair an grásta dom meas bheith agam orm féin i gcónaí, ionas go mbeidh ar mo chumas d'fhéiniúlacht ionamsa a léiriú don uile dhuine a dhéanann teagmháil liom. *A Thiarna éist linn ...*
4. **EOCAIRIST:** A Íosa, léirigh Tú a leithéid sin de ghrá dúinn, gur tháinig tú ar domhan le bheith linn san Eocairist. Deonaigh go ndéanfaimid an grá sin a chúiteamh. Nuair a ghlacaimid leis an Eocairist, bímid ag guí ar nós Naomh Agaistín, go ndéanfar Corp Chríost dínn. *A Thiarna éist linn ...*
5. **RÉIMEAS DÉ:** Guímid go mbeidh síocháin ar fáil i gceithre hairde an domhain. Breathnaigh anuas go caoin ceannsa ar an uile dhuine atá ag fulaingt, nó atá faoi bhrón. Guímid go mbeidh réimeas Dé ar fud an domhain ionas go leigheasfar gach dochar. *A Thiarna éist linn ...*
6. **GAIRM:** A Thiarna, gabhaimid buíochas as na daoine sin ar fad a lean an ghairm mhúinteoireachta agus tuistithe, a thug aire dúinn agus a chuir oideachas Caitliceach ar fáil dúinn. Cothaigh tuiscint na gairme inár measc agus deonaigh go dtuigfimid an misean saoil a lorgaíonn an Tiarna uainn. *A Thiarna éist linn ...*
7. **SOISCÉALAÍOCHT:** A Thiarna Íosa, gabhaimid buíochas as an gcreideamh Caitliceach. Gabhaimid buíochas as na bealaí ina léiríonn creidimh eile an domhain, d'áilleacht. Deonaigh go dtuigfimid do láithreacht ionainn agus i measc phobal leathan na scoile, sa chaoi is go mbeidh ar ár gcumas an Soiscéal a chraobhscaoileadh i measc na ndaoine atá ad' lorg. *A Thiarna éist linn ...*

ACMHAINNÍ SCOILE

Ullmhú na mBronntanas/Iomann: Ag Críost an Síol.

Ullmhú na mBronntanas:

Ofrálaimid an t-arán agus an fíon, torthaí na talún, agus déanfar Corp agus Fuil Chríost astu.

Is Naofa Naofa: Aifreann Ghleann Dá Loch (Lawton).

Fógraímid: Aifreann Ghleann Dá Loch (Lawton)

Amen: Aifreann Ghleann Dá Loch (Lawton)

Iomann don Chomaoin: Céad Míle Fáilte Romhat.

Machnamh don Chomaoin:

Cé a ghnóthaigh an bonn óir don rás 400 m. sna cluichí Oilimpeacha sa bhliain 1996? Cé a bhuaigh an comórtas ceoil Eoraifíse sa bhliain 2000? Cén contae a rug craobh iománaíochta uile-Éireann leis sa bhliain 1999? Freagair na ceisteanna seo duit féin:

- Cén múinteoir ab ansa leat sa bhunscoil? Cén cara a léirigh cineáltas i do thaobh ar ócáid ar bith? Smaoinigh ar eachtra inar dhéileáil tuismitheoir go smaointeach cabhrach leat, le do chur ar do shuaimhneas.
- Tá sé níos éasca do dhuine na ceisteanna deiridh a fhreagairt toisc go gcuimhnítear ar aon dhea-cháilíocht a bhaineann linn, seachas ar aon éacht a bheadh déanta againn, fiú más é an bonn óir a ghnóthaíomar. Níl rud ar bith atá ionchurtha leis an atrua a léiríonn daoine dá chéile. Cuimhnigh air seo, agus tú ar an aistear a chuirfidh do ghairm shaoil i gcrích, go gcuimhneofar go príomha ort de réir mar a d'fhreastail tú ar an duine eile. Cuireann Naomh Pól i gcuimhne dúinn go gcuimhneofar orainn de réir ár saothar. Uaireanta ní gá dúinn ach cluas le héisteacht a thabhairt do dhuine, chun bheith ag cur mianta an Tiarna i gcrích. Nuair a dhéanann daoine eile freastal orainne, cuimhnímid le cion orthu. Déanaimis pobal grámhar a thógáil, áit ina mbeimid ag freastal ar a chéile.

Beannacht:

*(Déanann ionadaithe ó phobal na scoileanna Caitliceacha coinnle beaga a lasadh ón phríomh-choinneal, agus tugann siad aghaidh ar an bpobal.)*

Adhain an Tine Naofa:

Glac leis an tine naofa seo. Bíodh bhur saol féin ar nós na tine. Saol naofa so-aitheanta. Saol buan. Solas nach ngéillfidh don dorchadas. Go dtiocfaidh forbairt ar sholas Dé ionaibh. Imígí faoi shíocháin. Go ndéanfaidh an Tiarna sibh a chumhdach, inniu agus i gcónaí.

*Oiriúnaithe ó Desmond Tutu*

Iomann Ceiliúrtha: Gurab Tú Mo Bheatha.

# Seirbhís Urnaí do Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha



Iomann Tosaigh: Gile Mo Chroí.

*(Cuireann an ceannaire fáilte roimh na mic léinn, agus lasann coinneal le láithreacht Íosa i measc an tslua a aithint. Is féidir an phaidir thosaigh a rá nuair a bhíonn an choinneal á lasadh.)*


Paidir Thosaigh:

Gabhaimid buíochas leat a Dhia, sa phaidir thosaigh seo, as ucht gur bhronn tú Íosa orainn,
duine a tháinig inár measc leis na daoine a cailleadh a lorg agus a shábháil;
leis na cimí a shaoradh; leis na daoine ocracha a chothú;
le leigheas a chur ar na heasláin; le grá a thabhairt don aicme gan ghrá;
le labhairt amach in aghaidh na héagóra; le beatha a chur in áit an bháis.
Cabhraigh linn a Thiarna, maireachtáil de réir mar a mhair do mhac Íosa féin;
géarchúis bheith againn mar a bhí aige siúd; gníomh a dhéanamh de réir briathar Dé,
agus Ríocht Dé a thógáil ar domhan.
Iarraimid ort cabhrú linn na nithe seo a chur i gcrích.
Amen.

Scrioptúr: Lúcás 10:29-37

*Léacht ón Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás.*

D'éirigh dlíodóir ina sheasamh agus dúirt leis, á phromhadh: "Agus cé hé mo chomharsa?" Thug Íosa freagra air á rá: "Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreachó, agus tharla i measc robálaithe é a rinne é lomadh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach le halt na haon uaire, bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léivíteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Ach, Samárach a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus ar a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachta, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu; chuir sé ar mhuin a bheithígh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom.' Cé acu den triúr sin, do bharúil, ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe?" Dúirt sé: "An té a rinne an trócaire air." Dúirt Íosa leis: "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna."



**Soiscéal an Tiarna.**

**Freagra:** Moladh duit, A Thiarna Íosa Críost.

ACMHAINNÍ SCOILE

## Machnamh

Iarann An Pápa Proinsias ar an Eaglais, sé sin an uile dhuine againne atá cruinnithe anseo inniu, bheith aireach agus na daoine imeallacha inár measc a aithint, daoine a bheadh de dhíth cúnaimh. Bígí i gcúnamh dóibh mar a bhí an Pápa trí:

- chuartaíocht a dhéanamh ar inimircigh bhochta ar oileán beag Lampedusa
- cosa na gcimí a ní ar Dhéardaoin Mandála
- cuireadh a thabhairt do na bochtáin suí chun boird sa Vatacáin
- dúshlán a chur faoi na córais eacnamaíocha a loiteann an domhan agus a bhaineann an dínit den phobal.

Tá cuireadh á thabhairt aige dúinn bheith mar dhaoine comhbhácha. Tuigeann sé an bhrí a bhaineann le bheith i measc lucht leanta Chríost, agus gurb é seo an bealach ina bhfeidhmíonn baill na hEaglaise, agus gurb é seo an saghas Eaglais a rachaidh i bhfeidhm ar an saol.

Deir An Pápa Proinsias gur Eaglais lag thláith í an Eaglais bhroidiúil a thugann neamhaird .

Conas is féidir linne comhbhá a léiriú? An bhfuil an scoil Chaitliceach seo ina bhfuilimid, broidiúil, ag tabhairt neamhaird ar na daoine gátaracha inár measc.

*(Roinnigí bhur smaointe faoi na cúrsaí seo i measc an tslua.)*

**Iomann Mhachnaimh:** Críost Liom.

### Searmanas Ní na Lámha:

*(Beidh crúiscín, babhla uisce agus tuáille uait don ghníomh seo freastail.)*

**Ceannaire:** Ag an Suipéar Déanach, nigh Íosa cosa na ndeisceabal, agus dúirt sé go raibh an dea-shampla den fhreastal seo á thabhairt aige dóibh ionas go ndéanfaidís amhlaidh do na daoine gátaracha. Tá deis againn inniu freagairt a thabhairt ar an gcuireadh seo ó Íosa: ‘Tá sampla tugtha agam daoibh, faoi mar atá déanta agam daoibhse, go ndéanfadh sibhse mar an gcéanna’ (Eoin 13:15) , trí theacht chun tosaigh agus lámha ár gcomharsa a ní. Mar chomhartha go bhfuil tiomantas don fhreastal ar na daoine gátaracha ionainn, ar scoil, sa bhaile, i measc na sochaí, déanfaimid lámha an duine a thagann inár ndiaidh a ní agus a thriomú.

*(Téann an ceannaire chuig an gcrúiscín agus an babhla uisce agus níonn agus triomaíonn lámha an duine a thagann ina dhiaidh. Fanann an duine sin go dtagann an chéad duine eile aníos agus déanann a lámha siúd a ní, agus leantar leis an ní go dtí go mbíonn críochnaithe ag na daoine a bhíonn sásta páirt a ghlacadh. Nuair a thagann an mac léinn deiridh aníos, níonn sé nó sí lámha an cheannaire.)*

### Guí an Phobail:

1. A Íosa a Thiarna oscail na súile ionainn ionas go n-aithneoimid Dia inár ndeartháireacha agus inár ndeirfiúracha. *A Thiarna Éist Linn ...*
2. A Íosa a Thiarna oscail na cluasa ionainn ionas go gcloisfimid an guth ocrach, fuar, an guth eaglach faoi leatrom. *A Thiarna Éist Linn ...*
3. A Íosa a Thiarna oscail ár gcroí ionas go mbeidh grá againn dá chéile de réir mar atá grá agatsa dúinne. *A Thiarna Éist Linn ...*

### Paidir Dheiridh:

A Íosa, breathnaíonn tú anuas ar do phobal le súile an ghrá. Cabhraigh linne bheith mar Chorp Chríost ar talamh, an duine a cailleadh a lorg, an duine a dhéanann gol go géar a aithint, éisteacht leis an duine uaigneach, labhairt go sólásach leis an duine atá faoi bhrón, croí grámhar bheith againn i leith an duine gan ghrá. Seo an méid a lorgaíonn tú uainn. Tabhairt an neart dúinn freagairt a thabhairt ar an ngairm fhreastail agus do thoil a chur i bhfeidhm ar domhan. Déanaimid ár nguí trí Íosa Críost ár dTiarna.

Amen.

**Iomann Deiridh:** Réir Dé.

Rinne Bríd Dunne comhordú ar an bpacáiste acmhainní seo i gcomhar le: Aisling English, Anna Maloney, Karen O'Donovan agus Tom Ryan, ag fáil comhairle ó Choiste Stiúrtha Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015.

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Mr Justin Brown, Mgr Jim Cassin, Dr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Colette Dower, Brenda Drumm, Fr Michael Drumm, Bríd Dunne, Fr Paul Farren, Maura Hyland, Ferdia Kelly, Martin Long, Elaine Mahon, Maeve Mahon, Anna Maloney, Bernadette Martin, Tony McCann, Michael Redmond, Mr John Scally, Maria Spring, Sr Eithne Woulfe.

## Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Acmhainní don Phobal Iar-bhunscoile: Baile, Scoil & Paróiste

25–31 Eanáir 2015